

Comórtas Grianghrafadóireacht

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- Tá an comórtas oscailte do bhaill Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo amháin agus tá an iontráil saor in aisce. Mura bhfuil tú i do bhall cheana féin, is féidir leat cur isteach ar an gcomórtas má ghlacann tú ballraíocht sa chomhar creidmheasa.
- Tá an comórtas oscailte do ghrianghrafadóirí amaitéaracha agus sin amháin.
- Ní mór go mbeidh grianghraif i bhformáid tírdhreacha (landscape). Ní ghlacfar leo siúd atá i bhformáid lánléargais nó portráide.
- Níor chóir leasú a dhéanamh ar an íomhá m.sh. *Photoshop* & rí.
- Is grianghraif a tógadh le trí bliana anuas a bheidh i gceist agus é tógtha i gceantar Chonamara.
- **Ní mór teideal ceart a bheith ag gabháil le gach grianghraf a sheoltar isteach** (bí cruthaitheach), mar aon le dáta agus le suíomh cruinn.
- Féadfaidh gach iontrálaí dhá ghrianghraf a sheoladh isteach agus ba chóir an grianghraf sin a sheoladh go leictreonach ar ríomhphost chuig comortas@cccholmcille.ie. Ní mór go mbeidh na grianghraif ar chaighdeán priontála (1 meigibheart ar a laghad)
- Roghnófar 12 grianghraif agus beidh ainm an grianghrafadóir chomh maith le teideal an ghrianghraif priondálite i bhFéilire 2024.
- Nuair a ghlacann tú páirt i gComórtas Grianghrafadóireachta an Chomhar Creidmheasa 2023 d'fhéadfaimís do chuid sonraí a próiseáil ar bhealaí éagsúla, mar gheall ar go leor cúiseanna difriúla agus raon údair dlíthiúla.
- Ag tús Mí na Samhna tabharfar an deis do dhaoine 'Like' a dhéanamh ar leathanach FaceBook an Comhar Creidmheasa ar an 12 grianghraif a roghnófar agus beidh an grianghraf is mó a fhaigheann 'Likes' ar chlúdach Féilire an Chomhar Creidmheasa 2024.
- Beidh duais €50 don ghrianghrafadóir a thógann an grianghraf a théann ar chlúdach an Fhéilire agus beidh duais de €20 do na grianghrafadóirí eile a roghnaítear a gcuid grianghraif don fhéilire.
- Is é an dáta deiridh le hiontrálacha a bheith faighte ná **Dé hAoine 27ú Deireadh Fómhair 2023**.
- Ní mór go mbeidh ainm, seoladh, uimhir theileafóin, uimhir chuntas an comhar creidmheasa agus seoladh ríomhphoist an ghrianghrafadóir in éineacht le gach grianghraf.
- Tá cead tuismitheora nó caomhnóra riachtanach má tá tú faoi 18 bliana d'aois.
- Níl grianghrafadóirí a bhuaigh an phríomhduais níos mó ná uair amháin i rith na trí bliana atá caite incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.
- Ar iontráil, measfar go gcomhaontaíonn gach iontrálaí a bheith faoi cheangal ag na rialacha seo agus tá ceart ar chosaint ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo aon iontráil a fhágáil ar lár ón gcomórtas ag tráth ar bith agus dá rogha féin go hiomlán má chreideann Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo ar chúis ar bith go bhfuil na rialacha seo á sárú ag iontrálaí.

- Is leis an ghrianghrafadóir an cóipcheart i gcónaí ach ar iontráil sa chomórtas, tugann sé/sí cead do Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teo an íomhá a úsáid ar a fhéilire/láithreán gréasáin/taispeántais áitiúla agus ábhair bholscaireachta.
- Ní mór gurb é/í an t-iontrálaí úinéir aonair an chóipchirt i ndáil le gach grianghraf a sheolfar isteach agus níor chóir go ndéanfaí sárú ar aon dlíthe ó thaobh grianghraif a thógáil; ní mór cead a bheith faighte ón úinéir roimh ré maidir le grianghraif de shuímh nó de láithreacha príobháideacha.
- Má tá an duine/daoine atá sa ghrianghraf faoi 18 bliana d'aois ansin ní mór go dtabharfaidh tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil an duine/daoine sin cead thar a gceann a íomhá/a híomhá a fhoilsiú in ábhair bholscaireachta. Mura dtugtar cead, dícháileofar an iontráil as an gcomórtas.
- Níl aon teorainn aoise i gceist leis an gComórtas. Má bhíonn duine faoi 18 bliana d'aois ar lá an dáta iontrála, ba chóir cead tuismitheora/caomhnóra i scríbhinn a thaispeáint.
- Tá an focal deiridh ag na moltóirí agus ní ghlacfar le comhfhreagras ina leith.
- Ní mór d'iontrálaithe barántas a thabhairt go bhfuil sé/sí ábalta go fisiciúil agus ó thaobh meabhrach de a bheith rannpháirteach sa chomórtas agus nach gcuirfear é féin/í féin nó daoine eile i gcontúirt ó thaobh a bheith rannpháirteach sa chomórtas. Ní bheidh Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo freagrach as aon chaillteanas, damáiste, éileamh, caiteachas (lena n-áirítear costais dlí) a thabhaítear agus a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as do rannpháirtíocht sa chomórtas.
- Is le Bord Stiúrtha Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo an cinneadh deiridh maidir leis na Téarmaí agus na Coinníollacha seo nó maidir le haon ábhar eile a eascraíonn as an gcomórtas agus ní bheidh sé faoi réir ag achomharc. Ní ghlacfar le haon chomhfhreagras ina leith.